



An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta
Department of Jobs, Enterprise and Innovation

**RIALACHÁIN AN ACHTA UM CHOSAINN TOMHALTÓIRÍ, 2007
(GNÓTHAIS EARRAÍ GRÓSAEIREACHTA), 2016
I.R. UIMH. 35 DE 2016**

TREOIRLÍNTE

An 18 Márta 2016

1. RÉAMHRÁ

1. Cuimsítear an bonn dlíthiúil atá leis na rialacháin seo san Acht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, 2014, a tháinig i bhfeidhm an 31 Deireadh Fómhair 2014. Cuimsítear i gCuid 6 den Acht (a d'iontráil cuid nua isteach san Acht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007), forálacha cumasaithe a bhronnann an chumhacht ar an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta chun rialacháin a thabhairt isteach chun cleachtais áirithe san earnáil earraí grósaeireachta a rialú. Ní chumhdaíonn siad aon saincheisteanna eile.
2. Tá na Rialacháin seo roinnte sna ceithre chuid a leanas:
 1. Réamhábhair;
 2. Conarthaí idir Soláthraithe agus Miondíoltóirí nó mórdhíoltóirí;
 3. Ceanglais chomhlíonta le haghaidh Miondíoltóirí nó mórdhíoltóirí;
 4. Forfheidhmiú.
3. Lorgaítear sna Treoirlínte seo chun faisnéis agus treoir a sholáthar ar phríomhfhorálacha na Rialachán. Mar gheall go n-eascróidh saincheisteanna praiticiúla breise as oibriú na Rialachán, ar deireadh, ní féidir leis na Treoirlínte seo a bheith ina ráiteas deiridh nó críochnaitheach ar na Rialacháin.
4. Cuireadh na Treoirlínte seo i dtoll a chéile gan dochar a dhéanamh d'fhorálacha dlíthiúla eile a chumhdaíonn conarthaí, ina measc an Dearbhú maidir le Comhaontuithe Ingearacha agus Cleachtais Chomhaontaithe agus, níos ginearálta, faoi Alt 4 den Acht Iomaíochta, 2002.
5. Tá an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (an CCPC), atá neamhspleách i dtabhairt faoina fheidhmeanna, freagrach as forfheidhmiú poiblí a dhéanamh ar na rialacháin seo. Beidh breis faisnéise curtha ar fáil ó thráth go tráth ar láithreán gréasáin an CCPC ar www.ccpc.ie.

2. SCÓIP NA RIALACHÁN

1. Ní bhaineann na Rialacháin seo ach le bia agus deoch a dhíol, faoi mar a dtugtar sainmhíniú air in Alt 63A(a) den Acht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007 agus ní bhaineann siad le haon saghas eile d'earraí grósaeireachta. Go háirithe, ní bhaineann siad le hearraí maisíochta, earraí glantacháin nó le plandaí/bleibeanna gairdín (faoi mar a shainítear in Alt 63A(b), (c) agus (d) d'Acht 2007) ná ní bhaineann siad le hamhábhar a sholáthar san earnáil talmhaíochta do phróiseálaithe (mar shampla, bainne a sholáthar d'uachtarlann nó ainmhithe nó feoil a sholáthar do phróiseálaithe) nó bia ainmhithe.
2. Baineann an tairseach dhomhanda láimhdeachais €50 milliún le díolacháin táirgí bia agus dí a ghineann miondíoltóirí nó mórdhíoltóirí a oibríonn sa Stát. Ní bhainfidh an tairseach le láimhdeachas a ghineann an miondíoltóir nó an mórdhíoltóir le haghaidh táirgí eile seachas bia agus deoch (faoi mar a shainítear).
3. Ní bhaineann na Rialacháin seo ach le soláthraithe díreacha (cibé acu má bhíonn siad lonnaithe taobh istigh nó taobh amuigh den Stát) a bhfuil caidreamh conarthach acu le miondíoltóir nó le mórdhíoltóir agus nach bhfuil caidreamh conarthach acu le haon ghnóthais eile earraí grósaeireachta faoi mar a shainítear in Alt 63A den Acht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007 (e.g. ní bhaineann siad le bia agus deoch a dhíol ag mórdhíoltóirí le miondíoltóirí atá ina saincheadúnaithe nó cuid de shiombalghrúpa an mhórdhíoltóra sin). Ba cheart a thabhairt faoi deara go mbeidh miondíoltóirí (ag a bhfuil láimhdeachas bliantúil domhanda os cionn na tairsí €50 milliún agus atá ina saincheadúnaithe agus a bhaineann le siombalghrúpa an mhórdhíoltóra sin) faoi réir chur i bhfeidhm na Rialachán i dtaobh na gconarthaí siúd d'earraí grósaeireachta amháin má iontrálann siad i gconarthaí earraí grósaeireachta le soláthraithe díreacha ina gceart féin.
4. Bainfidh na Rialacháin le conarthaí ar iontráladh iontu an 30 Aibreán 2016 nó ina dhiaidh sin, anuas ar chonarthaí (ar iontráladh iontu roimhe sin) ach a dhéantar a athnuachan an dáta sin nó i ndiaidh an dáta sin.
5. Ba cheart don dá pháirtí tabhairt faoina gcaidreamh trádála le hintinn mhaith agus ar bhealach cothrom, oscailte agus trédhearcach agus meas a léiriú ar théarmaí agus coinníollacha na gconarthaí comhaontaithe.
6. Níl aon téarma de chonradh earraí grósaeireachta a sháraíonn, a tharscaoileann nó a shrianann foráil de na Rialacháin, go díreach nó go hindíreach, ina cheangal nó in-fheidhmithe.

7. Ar mhaithe le cuspóirí na Rialachán seo, tugtar an sainmhíniú a leanas ar na téarmaí “*íocaíocht*” agus “*liúntas*”:

“*íocaíocht*”: ciallaíonn “*íocaíocht*” aon chúiteamh, comaoin, liúntas nó spreagadh in aon fhoirm (airgead nó eile) agus áirítear leis téarmaí conarthacha níos fabhraí;

“*liúntas*”: áirítear le “*liúntas*” aon lascaine, aisíocaíocht, lamháltas nó buntáiste eile atá comhthaobhach le hearraí grósaeireachta a dhíol nó a cheannach ach nach gcuirtear i bhfeidhm go díreach é ar an bpraghas díola nó ceannaigh”.

TREOIR MAIDIR LE CODANNA AR LEITH DE NA RIALACHÁIN

CUID 1 – RÉAMHÁBHAIR

Léirmhíniú

Ar mhaithe le cuspóirí na Rialachán seo, ciallaíonn “*earraí grósaeireachta*” aon bhia nó deoch a bheartaítear a dhíol le haghaidh tomhaltais ag daoine, lena n-áirítear aon substaint nó rud a dhíoltar nó a ndéantar ionadaíocht dó lena úsáid mar bhia nó deoch le haghaidh tomhaltais ag daoine, aon rud a dhíoltar nó a ndéantar ionadaíocht dó lena úsáid mar bhreiseán, comhábhar nó áis phróiseála in ullmhú nó i dtáirgeadh bia nó dí le haghaidh tomhaltais ag daoine (agus a bheartaítear a dhíol ag miondíoltóir nó mórdhíoltóir mar an mbreiseán, comhábhar nó áis phróiseála sin), agus deochanna meisciúla.

Ní áirítear le “*earraí grósaeireachta*” bia nó deoch a dháiltear nó a sholáthraítear ar áitreabh miondíoltóra nó mórdhíoltóra fad atá seirbhísí lónadóireachta, bialainne nó bia beir leat nó a mhacasamhail de sheirbhísí fáilteachais á soláthar. Chomh maith leis sin, ní chumhdaítear deochanna meisciúla a dháiltear nó a sholáthraítear le haghaidh tomhaltais ar áitreabh miondíoltóra nó mórdhíoltóra.

CUID 2 – CONARTHAÍ IDIR SOLÁTHRAITHE AGUS MIONDÍOLTÓIRÍ NÓ MÓRDHÍOLTÓIRÍ

Rialachán 4: Conarthaí earraí grósaeireachta.

Ceanglaíonn an Rialachán seo ar mhiondíoltóirí nó ar mhórdhíoltóirí conarthaí scríofa a bheith acu lena soláthraithe, lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha uile an chonartha chomhaontaithe.

Sa chomhthéacs seo:

- Ní fhorordaítear sa Rialachán seo cén páirtí ar cheart dó nó di conradh a chur i dtoll a chéile nó cén fhormáid nó struchtúr ar cheart bheith ag aon chonradh: saincheist í seo ar cheart don dá pháirtí comhaontú a dhéanamh uirthi.
- Foráiltear sa Rialachán seo nach mór don dá thaobh leis an gconradh cóipeanna den chonradh a shíniú agus a choimeád (lena n-áirítear cóipeanna leictreonacha, más cuí).
- Ceanglaítear sa Rialachán seo go n-úsáidtear friotal soiléir intuigthe sa chonradh, ionas nach mbíonn aon débhrí ann maidir le téarmaí an chonartha i measc an dá pháirtí agus na gcomhlachtaí forfheidhmithe.

- Ba cheart go mbeadh an deis ag an dá pháirtí chun scrúdú cúramach a dhéanamh ar théarmaí agus coinníollacha aon chonartha a chuirtear i dtoll a chéile sula n-iontráiltear i gcomhaontú.
- Chomh maith leis sin, ba cheart do pháirtithe breithniú a dhéanamh ar an rogha a bhaineann le comhairle dlí a fháil sa chás go mbíonn aon amhras orthu maidir le conradh nó ábhair chonartha.
- Áirítear leis an téarma “*i scríbhinn*” ríomhphoist, formáid leictreonach, etc. agus tagraíonn sé d’aon fhaisnéis a choimeádtar i bhfoirm dholéite, cibé acu má stóráiltear í go leictreonach nó ar bhealach eile, atáthar in ann í a atáirgeadh i bhfoirm inléite ar bhealach ar bith. Sa chomhthéacs seo, tá téarmaí an Achta um Thráchtáil Leictreonach, 2010 agus Alt 5 (4) den Acht Léiriúcháin, 2005 ábhartha.

Rialachán 5: Comhathrú, etc. a dhéanamh ar chonarthaí earraí grósaeireachta.

Cuirtear toirmeasc sa Rialachán ar mhiondíoltóir nó ar mhórdhíoltóir ó chonradh a chomhathrú, a fhoirceannadh nó a athnuachan le soláthraí murach go bhforáiltear go sainráite sa chonradh don athrú, foirceannadh nó athnuachan nó cúinsí comhaontaithe sin nuair is féidir leis an athrú, foirceannadh nó athnuachan sin tarlú. Ar an ábhar sin, ní cheadaítear comhathruithe siarghabhálacha aontaobhacha. Chomh maith leis sin, ní mór go sonraítear sa chonradh comhaontaithe an tréimhse d’fhógra scríofa nach mór a thabhairt sula ndéantar aon athrú, foirceannadh nó athnuachan. Beidh tréimhse an fhógra sin réasúnta agus beidh aird aici ar gach cúinse de chuid an chonartha, ina measc:

- fad an chonartha;
- an mhinicíocht a dhéanann an miondíoltóir nó an mórdhíoltóir na horduithe do na hearraí grósaeireachta atá i gceist;
- saintréithe na n-earraí grósaeireachta, lena n-áirítear marthanacht, séasúracht agus tosca seachtracha a imríonn tionchar ar a dtáirgeadh; agus
- luach aon ordaithe a bhaineann le láimhdeachas bliantúil an tsoláthraí atá i gceist.

Áirítear leis an téarma “comhathrú” comhathrú ar mhinicíocht, uainiú nó méid an tsoláthair nó seachadadh na n-earraí grósaeireachta.

Ba cheart na hathrúcháin go léir siúd a chur i dtaifead i scríbhinn sa chonradh i gcomhréir le Rialachán 4.

Rialachán 6: Earraí nó seirbhísí ó thrú páirtí.

Cuirtear toirmeasc sa Rialachán ar mhiondíoltóir nó ar mhórdhíoltóir ó iallach a chur ar sholáthraí (cibé acu go díreach nó go hindíreach) chun earraí nó seirbhísí a fháil ó thrú páirtí

óna bhfaigheann an miondíoltóir nó an mórdhíoltóir íocaíocht don socrú seo. Ní bhaineann an toirmeasc seo sa chás go ndéanann foinse an tsoláthraí do na hearraí nó na seirbhísí siúd:

- teip ar na caighdeáin réasúnta cháilíochta a leagann an miondíoltóir nó an mórdhíoltóir sin síos i dtaobh sholáthar na n-earraí nó na seirbhísí siúd; nó
- níos mó a ghearradh ná mar a ghearrtar ar cháilíocht agus cainníocht chomhionann earraí nó seirbhísí a sholáthar ag an tríú páirtí a bheartaíonn an miondíoltóir nó an mórdhíoltóir.

Rialachán 7: Neamhchomhlíonadh de dheasca toisca a sháraíonn rialú réasúnta páirtí le conradh.

Déileáiltear sa Rialachán seo le cásanna “*force majeure*”. Cé nach ann d’aon sainmhíniú aonair dlíthiúil ar “*force majeure*”, foráiltear sa Rialachán nár cheart go mbeadh aon dliteanas ag ceachtar páirtí le conradh faoin gconradh nó nár cheart a mheas gur sháraigh ceachtar páirtí an conradh mar thoradh ar aon mhoilleanna nó aon teipeanna ar chomhlíonadh a eascraíonn ó chúinsí nach bhfuil smacht réasúnta ag an bpáirtí orthu. Foráiltear sa Rialachán seo go gcuimsítear sa chonradh forálacha ina leagtar amach conas ar cheart don pháirtí a ndearna na cúinsí sonracha difear dóibh fógra pras a thabhairt don pháirtí eile i scríbhinn faoin méid atá i gceist leis na cúinsí siúd, cathain a bhíonn na cúinsí siúd ina gcúis le moill nó teip ar chomhlíonadh agus nuair nach mbíonn siad ina gcúis le moill nó teip a thuilleadh. Má leanann an tsaincheist seo, foráiltear sna Rialacháin do na cúinsí inar féidir an conradh a fhoirceannadh, lena n-áirítear a cheangal go dtugtar fógra i scríbhinn i gcomhréir le téarmaí an chonartha.

Spreagtar páirtithe chun comhaontú roimh ré ar shonraí faoin “*tréimhse shonraithe leanúnach*” agus tréimhse “*an fhógra scríofa*” a thuartar i Rialachán 7(3) agus tá na sonraí le cuimsiú sa chonradh scríofa comhaontaithe.

Rialachán 8: Soláthar earraí grósaeireachta a thuar.

Leagtar dualgas sa Rialachán seo ar mhiondíoltóir nó ar mhórdhíoltóir, má iarrann soláthraí air/uirthi amhlaidh a dhéanamh, chun tuar a sholáthar ar na hearraí a theastaíonn ón miondíoltóir nó ón mórdhíoltóir ón soláthraí: nuair a bhíonn an tuar seo á ullmhú, foráiltear sa Rialachán nach mór don mhiondíoltóir nó don mhórdhíoltóir, ar iarraidh an tsoláthraí:

- dul i gcomhairle leis an soláthraí maidir leis an mbonn ar a n-ullmhófar an tuar;
- an tuar a ullmhú le hintinn mhaith agus leis na scileanna, an cúram agus an dícheall cuí; agus

- cóip den tuar a chur faoi bhráid an tsoláthraí anuas ar dhearbhuí i scríbhinn ar an mbonn ar ar ullmhaíodh an tuar.

Rialachán 9: Íocaíocht ó sholáthraí.

Foráiltear sa Rialachán seo nach lorgóidh miondíoltóir nó mórdhíoltóir íocaíocht ó sholáthraí mar choinníoll a bhaineann le stocáil, taispeáint nó liostú le hearraí grósaeireachta soláthraí mura bhfuil an íocaíocht bunaithe ar mheastachán oibiachtúil agus réasúnta ar chostas na stocála, taispeáint nó liostú na n-earraí grósaeireachta siúd, lena n-áirítear breithniúcháin éagsúla nuair a bhítear ag déileáil le siopa aonair nó le siopaí iomadúla i slabhra siopaí an mhiondíoltóra nó an mhórdhíoltóra. Má iarrann an miondíoltóir nó an mórdhíoltóir ar aon íocaíocht den saghas sin, leagtar dualgas ar an miondíoltóir nó ar an mórdhíoltóir, má iarrann an soláthraí orthu, chun meastachán a sholáthar don soláthraí ar chostas stocála, taispeána nó liostaithe earraí grósaeireachta an tsoláthraí agus an bonn atá leis an meastachán sin. Foráiltear sa Rialachán seo, chomh maith, nach mbaineann na forálacha seo le cur chun cinn (atá cumhdaithe i Rialachán 11).

Rialachán 10: Téarmaí agus coinníollacha íocaíochta.

Foráiltear sa Rialachán seo go n-íocfaidh an miondíoltóir nó an mórdhíoltóir an soláthraí laistigh de 30 lá tar éis sonrasc an tsoláthraí a fháil nó laistigh de 30 lá tar éis dháta seachadta na n-earraí (pé dáta is déanaí) mura ndéanann na páirtithe foráil shainráite le haghaidh amfhráma éagsúil d'íocaíochtaí ina gconradh d'earraí grósaeireachta.

Is féidir le páirtithe, dar ndóigh, íocaíochtaí a íoc nó a fháil as sonraisc i mbaisceanna a luaithe a chorpraítear seo isteach sa chonradh a luaithe a léirítear meas ar fhorálacha an Rialacháin. Sa chás go dtagann fiosrúchán chun solais ar shonrasc a bhaineann le hearra aonair grósaeireachta nó le sraith earraí grósaeireachta, bheadh súil leis go n-íocfaí na sonraisc eile nach bhfuil faoi réir na bhfiosrúchán siúd i gcomhréir leis na Rialacháin gan a bheith ag fanacht le réiteach na gceisteanna.

Tá an Rialachán seo faoi réir fhorálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), 2012 (I.R. Uimh. 580 de 2012) ar cheart do gach páirtí scrúdú cúramach a dhéanamh orthu. Sa chomhthéacs seo, beidh aon íocaíocht chomhaontaithe le miondíoltóir nó mórdhíoltóir a dhéanann soláthraí faoi réir fhorálacha I.R. Uimh. 580 de 2012 chomh maith.

Rialachán 11: Cur chun cinn.

Cuirtear toirmeasc sa Rialachán seo ar mhiondíoltóir nó ar mhórdhíoltóir ó iallach a chur ar sholáthraí (cibé acu go díreach nó go hindíreach) chun aon íocaíocht a dhéanamh maidir le cur chun cinn earraí grósaeireachta an tsoláthraí in áitreabh an mhiondíoltóra nó an

mhórdhíoltóra. Ní bhaineann an toirmeasc seo sa chás go ndéantar foráil shainráite sa chonradh comhaontaithe idir an dá pháirtí do na híocaíochtaí siúd. Foráiltear sna Rialacháin, anuas air sin, sula ndéantar cur chun cinn, ní mór don mhiondíoltóir nó don mhórdhíoltóir fógra scríofa a thabhairt (dá bhforáiltear sa chonradh) don soláthraí ina sonraítear na gnéithe áirithe a leanas den chur chun cinn:

- fad an chuir chun cinn;
- minicíocht an chuir chun cinn;
- cainníocht na n-earraí grósaeireachta atá le hordú don chur chun cinn; agus
- an bonn atá leis an gcainníocht a thuasluaitear.

Má iarrann an miondíoltóir nó an mórdhíoltóir ar aon íocaíocht den saghas sin, leagtar dualgas ar an miondíoltóir nó ar an mórdhíoltóir, má iarrann an soláthraí orthu, chun meastachán a sholáthar don soláthraí ar chostas an chuir chun cinn agus an bonn atá leis an meastachán sin.

Rialachán 12: Íocaíocht as costais mhargaíochta

Foráiltear sa Rialachán seo nach lorgóidh miondíoltóir nó mórdhíoltóir íocaíocht as soláthraí le haghaidh costais mhargaíochta. Ní bhaineann an toirmeasc seo sna cásanna a leanas i dtaobh an chonartha chomhaontaithe idir an dá pháirtí:

- déantar foráil shainráite sa chonradh le haghaidh na n-íocaíochtaí sin;
- tá an íocaíocht bunaithe ar mheastacháin oibiachtúla agus réasúnta ar na costais mhargaíochta; agus
- tá aon íocaíocht a lorgáitear i gcomhréir leis an gconradh comhaontaithe.

Má iarrann an miondíoltóir nó an mórdhíoltóir ar aon íocaíocht den saghas sin, leagtar dualgas ar an miondíoltóir nó ar an mórdhíoltóir, má iarrann an soláthraí orthu, chun meastachán a sholáthar don soláthraí ar na costais mhargaíochta agus an bonn atá leis an meastachán sin. Foráiltear sa Rialachán seo, chomh maith, nach mbaineann na forálacha seo le cur chun cinn (a chumhdaítear i Rialachán 11).

Ar mhaithe le cuspóirí an Rialacháin seo, áirítear le costais mhargaíochta costais a bhaineann leis an méid a leanas:

- cuairteanna a thugann miondíoltóir nó mórdhíoltóir nó a bhfoireann nó a n-ionadaithe, a bhfuil baint dhíreach acu in earraí grósaeireachta a cheannach, ar sholáthraí;
- saothar ealaíne nó dearadh pacáistithe;

- taighde ar thomhaltóirí nó ar mhargaíocht;
- margáíocht maidir le háitreabh miondíola nó mórdhíola a oscailt nó a athchóiriú, agus
- fáilteachas don fhoireann nó d'ionadaithe miondíoltóra nó mórdhíoltóra.

Rialachán 13: Íocaíocht as coinneáil, cionroinnt mhéadaithe nó spás seilfe a shuíomh níos fearr.

Cuirtear toirmeasc sa Rialachán seo ar mhiondíoltóir nó ar mhórdhíoltóir ó iallach a chur ar sholáthraí (cibé acu go díreach nó go hindíreach) chun aon íocaíocht a dhéanamh as coinneáil, cionroinnt mhéadaithe nó spás seilfe a shuíomh níos fearr d'earraí grósaeireachta an tsoláthraí. Ní bhaineann an toirmeasc seo sna cásanna a leanas i dtaobh an chonartha chomhaontaithe idir an dá pháirtí:

- déantar foráil shainráite sa chonradh le haghaidh na n-íocaíochtaí sin; agus
- tá aon íocaíocht a lorgáítear i gcomhréir leis an gconradh comhaontaithe.

Foráiltear sa Rialachán seo, chomh maith, nach mbaineann forálacha le cur chun cinn (a chumhdaítear i Rialachán 11).

Rialachán 14: Íocaíocht as fógraíocht nó earraí grósaeireachta a thaispeáint.

Cuirtear toirmeasc sa Rialachán seo ar mhiondíoltóir nó ar mhórdhíoltóir ó iallach a chur ar sholáthraí (cibé acu go díreach nó go hindíreach) chun aon íocaíocht a dhéanamh maidir le hearraí grósaeireachta a fhógairt nó a thaispeáint de chuid an tsoláthraí in áitreabh an mhiondíoltóra nó an mhórdhíoltóra.

Foráiltear sa Rialachán seo, chomh maith, nach mbaineann na forálacha seo le cur chun cinn (a chumhdaítear i Rialachán 11).

Rialachán 15: Íocaíocht as deachmaíocht

Foráiltear sa Rialachán seo nach lorgóidh miondíoltóir nó mórdhíoltóir íocaíocht ó sholáthraí ar dheachmaíocht. Ní bhaineann an toirmeasc seo, sna cásanna a leanas:

- déantar foráil shainráite sa chonradh comhaontaithe idir an dá pháirtí do na híocaíochtaí siúd;
- déantar foráil shainráite sa chonradh comhaontaithe do mheánchostas comhaontaithe deachmaíochta;
- déantar foráil shainráite sa chonradh d'earraí grósaeireachta do na cúinsí, sa chás go n-eascaíonn deachmaíocht ó fhaillí nó locht an tsoláthraí, ina n-iarrfar ar an soláthraí

íocaíocht a dhéanamh chun íoc as deachmaíocht ag áitreabh an mhiondíoltóra nó an mhórdhíoltóra;

- tá aon íocaíocht a lorgáítear i gcomhréir leis an gconradh comhaontaithe;
- tá an íocaíocht bunaithe ar mheastacháin oibiachtúla agus réasúnta ar chostais na deachmaíochta a bhfuil ar an miondíoltóir nó an mórdhíoltóir íoc astu.

Níl na coinníollacha seo carnach.

Má iarrann an miondíoltóir nó an mórdhíoltóir ar aon íocaíocht den saghas sin, leagtar dualgas ar an miondíoltóir nó ar an mórdhíoltóir, dá bhrí sin, má iarrann an soláthraí orthu, chun meastachán a sholáthar don soláthraí ar chostas na deachmaíochta agus an bonn atá leis an meastachán sin.

Chun críocha an Rialacháin seo, glactar leis go dtagraíonn “deachmaíocht” d’earraí grósaeireachta a ndéantar earraí neamhoiriúnacha le haghaidh díola díobh i ndiaidh go ndéanann soláthraí iad a sheachadadh chuig mhiondíoltóir nó mórdhíoltóir. Ar an ábhar sin, níl deachmaíocht a tharlaíonn sula ndéanann soláthraí seachadadh chuig miondíoltóir nó mórdhíoltóir cumhdaithe ag na Rialacháin seo.

Rialachán 16: Íocaíocht as crapadh

Foráiltear sa Rialachán seo nach lorgóidh miondíoltóir íocaíocht ó sholáthraí as crapadh. Ní bhaineann an toirmeasc seo, sna cásanna a leanas:

- déantar foráil shainráite sa chonradh comhaontaithe idir an dá pháirtí do na híocaíochtaí siúd;
- tá aon íocaíocht a lorgáítear i gcomhréir leis an gconradh comhaontaithe; agus
- tá an íocaíocht bunaithe ar mheastachán oibiachtúil agus réasúnta ar chostais an chraptha a bhfuil ar an miondíoltóir íoc astu.

Má iarrann an miondíoltóir nó an mórdhíoltóir ar aon íocaíocht den saghas sin, leagtar dualgas ar an miondíoltóir nó ar an mórdhíoltóir, dá bhrí sin, má iarrann an soláthraí orthu, chun meastachán a sholáthar don soláthraí ar chostas an chraptha agus an bonn atá leis an meastachán sin.

Chun críocha an Rialacháin seo, glactar leis go dtagraíonn “crapadh” do chailiteanais a tharlaíonn mar thoradh ar ghadáíocht, cailiteanas nó earráid chuntasaíochta, i ndiaidh go ndéanann soláthraí earraí a sheachadadh chuig áitreabh miondíoltóra.

Ní bhaineann an Rialachán seo ach le miondíoltóirí, nuair a chuirtear san áireamh an sainmhíniú a thugtar ar “*crapadh*” san Acht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007.

CUID 3 – CEANGLAIS CHOMHLÍONTA LE HAGHAIDH MIONDÍOLTÓIRÍ NÓ MÓRDHÍOLTÓIRÍ

Rialachán 17: Sannadh agus oiliúint foirne.

Leagtar amach sa Rialachán seo na riachtanais nach mór do mhiondíoltóir nó mórdhíoltóir tabhairt fúthu sa limistéar ina sanntar agus ina gcuirtear oiliúint ar an bhfoireann a bheidh freagrach as na Rialacháin a chomhlíonadh agus as faisnéis a scaipeadh ar an bhfoireann eile maidir le cur i bhfeidhm na Rialacháin. Chomh maith leis sin, leagann sé dualgas ar an miondíoltóir nó ar an mórdhíoltóir chun duine atá cáilithe go hoiriúnach a ainmniú chun idirchaidreamh a dhéanamh leis an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (an CCPC) maidir leis na Rialacháin. Sa chomhthéacs seo, b'fhearr a bheadh an duine seo atá cáilithe go hoiriúnach, ó pheirspictíocht dea-chleachtas gnó, neamhspleách ar an ról ceannaigh laistigh de ghnólacht an mhiondíoltóra nó an mhórdhíoltóra (viz. gan baint dhíreach a bheith acu le ceannach) agus b'fhearr go mbeadh ról comhlíonta níos ginearálta ag an duine seo laistigh den ghnólacht. Ní cheanglaítear comhalta foirne nua breise a fhostú don ról seo faoin Rialachán mura measann an miondíoltóir nó an mórdhíoltóir go bhfuil seo cuí ar a gcúiseanna inmheánacha féin. Ní chuirtear cosc sna Rialacháin ar mhiondíoltóir nó ar mhórdhíoltóir ó dhuine amháin a cheapadh a bheith freagrach as oiliúint na foirne agus a bheith ar an duine idirchaidrimh don CCPC a ainmnítear araon: ní chuirtear cosc air, chomh maith, go mbíonn an duine sin bunaithe ag láthair mháthairchuideachta. Chun a róil a chomhlíonadh chun oiliúint a chur ar an bhfoireann, ní chuirtear cosc ar mhiondíoltóirí agus ar mhórdhíoltóirí ó chúnamh tríú páirtí a fhostú nó ó sholáthraí oiriúnach tríú páirtí na hoiliúna sin a cheapadh, a fhad agus a choimeádtar na taifid ábhartha lena chinntiú go léirítear meas ar fhorálacha Rialacháin 18 agus 19. Ní mór don mhiondíoltóir nó don mhórdhíoltóir an CCPC a chur ar an eolas ar ainm etc. an duine seo a luaithe is indéanta i ndiaidh go n-ainmnítear iad i ndiaidh go gcuirtear na Rialacháin i bhfeidhm don chéad duine ainmnithe sin.

Rialachán 18: Tuarascáil chomhlíonta bhliantúil.

Leagtar dualgas sa Rialachán ar mhiondíoltóirí nó ar mhórdhíoltóirí chun tuarascálacha comhlíonta bliantúla a chur faoi bhráid an CCPC faoi dheireadh mhí an Mhárta gach bliain i bhformáid agus ar bhealach a shonraíonn an CCPC roimh ré. Tá stiúrthóir an mhiondíoltóra nó an mhórdhíoltóra nó an rúnaí leis an miondíoltóir nó an mórdhíoltóir an tuarascáil seo a shíniú. Leagtar amach sa Rialachán, chomh maith, faisnéis shonrach nach mór a chur san áireamh sa tuarascáil. Cumhdóidh an chéad tuarascáil sin an tréimhse ón 30 Aibreán go dtí an 31 Nollaig 2016: ina dhiaidh sin, cumhdóidh na tuarascálacha an bhliain ábhartha féilire (e.g. don bhliain 2017, is í an tréimhse a chumhdófar an 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2017).

Rialachán 19: Taifid a choimeád.

Sonraítear sa Rialachán seo na cáipéisí agus na taifid nach mór do mhiondíoltóir nó do mhórdhíoltóir a choimeád ar feadh tréimhse 6 bliana i ndiaidh dheireadh na bliana airgeadais lena mbaineann siad.

Cé nach bhfuil aon dualgas dlíthiúil ar sholáthraithe chun na taifid siúd a choimeád, ba dhealraitheach gur stuama go gcoimeádfadh soláthraithe sraith chosúil taifead sa chás go dtagann díospóidí nó buarthaí aníos.

CUID 4 – FORFHEIDHMIÚ

Rialachán 20: Forálacha pionósacha.

Leagtar amach sa Rialachán forálacha na Rialachán foriomlán a gcaithfear leo mar fhorálacha pionósacha chun críocha cuspóirí forfheidhmithe. D'fhéadfadh ionchúiseamh, cibé acu ag ionchúiseamh achomair nó ag díotáil le pionóis fhéideartha bheith mar thoradh ar shárú na bhforálacha (teip ar aon fhógra sáráithe a eisiónn an CCPC faoin Acht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007 ina measc), mar seo a leanas:

(1) Tá duine atá ciontach i gcion faoi dhliteanas ar chiontú achomair i leith na bhfíneálacha agus na bpionós a leanas:

(a) ar an gcéad chiontú achomair d'aon chion den saghas sin, íoc as fíneáil nach mó ná €3,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó an dá rud;

(b) ar aon chiontú achomair ina dhiaidh sin don chion céanna chun íoc as fíneáil nach mó ná €5,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó an dá rud.

(2) Má leanann an duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a chiontaítear i gcion, chun an ceanglas nó an toirmeasc a shárú lena mbaineann an cion, tá an duine ciontach i gcion breise ar gach lá a leantar leis an sárú a dhéanamh agus le haghaidh gach ciona den saghas sin, faoi dhliteanas ar chiontú achomair íoc as fíneáil nach mó ná €500.

(3) Tá duine atá ciontach i gcion faoi dhliteanas ar chiontú ar díotáil i leith na bhfíneálacha agus na bpionós a leanas:

(a) ar an gcéad chiontú ar díotáil d'aon chion den saghas sin, íoc as fíneáil nach mó ná €60,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 18 mí, nó an dá rud;

(b) ar aon chiontú ar díotáil ina dhiaidh sin don chion céanna chun íoc as fíneáil nach mó ná €100,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 24 mí, nó an dá rud.

Foráiltear san Acht, chomh maith, go mbeidh an ceart ag aon duine atá éagóirithe ag mainneachtain miondíoltóra nó mórdhíoltóra chun aon rialacháin nó aon fhógra comhlíonta a chomhlíonadh a eisítear faoin Alt ábhartha den Acht, i leith caingne le haghaidh faoisimh i gcoinne an mhiondíoltóra nó an mhórdhíoltóra sin sa Chúirt Chuarda (aon fhaoiseamh den saghas sin, damáistí eiseamláireacha ina measc, nach sáraíonn teorainneacha dhlínse na Cúirte Cuarda i gcaingean atá fothaithe ar tort).

Ar deireadh, foráiltear san Acht, chomh maith, sa chás go ndearna an Chúirt fíoras deiridh i gcás ar leith faoi na Rialacháin seo, gurb ionann an fíoras agus fíoras *res judicata* chun críocha imeachtaí a thionscnófar ina dhiaidh sin cibé acu más ionann nó murab ionann na páirtithe leis na himeachtaí siúd ina dhiaidh sin agus na páirtithe leis na chéad imeachtaí a luadh. Ní bheidh ar dhlíthí príobháideach, a bhraitheann ar an teoiric dhlíthiúil seo, ar shárú na bhforálacha ábhartha a chruthú arís eile trí chaingean leantach maidir leis an sárú céanna. Ina ionad sin, beidh sé nó sí in ann brath ar an bhfíoras ní ba luaithe sin chun críocha caingne le haghaidh damáistí.